

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs



Ráiteas Straitéise na gCoimisinéirí Ioncaim 2026–2028

■ Ár Misean

Freastal ar an bpobal trí chánacha agus trí dhleachtanna a bhailiú go cothrom agus go héifeachtach agus trí rialuithe custam a chur i bhfeidhm.

■ Ár bhFís

Chun bheith ar cheann de na córais riарtha chánach agus custam is mó chun tosaigh le muinín an phobail agus a bheith ar an rogha fostóra.

Réamhrá

Is iad príomhchúraimí na gCoimisinéirí Ioncaim ná cánacha agus dleachtanna a riar agus a bhailiú agus rialuithe custam a chur i bhfeidhm. Sa ré seo ina bhfuil athrú suntasach geopholaitiúil agus eacnamaíoch ag titim amach, tá an ról atá againn maidir le hairgeadas an Stáit a chosaint agus trádáil dhlisteanach a éascú níos tábhachtaí ná mar a bhí riamh.

Leagann an straitéis seo amach ár mbealach do na trí bliana amach romhainn, ag ailíniú ár bpríomhghnó le Clár an Rialtais – Toghcháin na hÉireann a Dhaingniú, ag cinntiú go bhfuil ár gcuid seirbhísí ar an gcaighdeán is airde agus inrochtana dár n-úsáideoirí seirbhíse go léir. Tá muid tiomanta do bheith ag obair leis an Roinn Airgeadais agus le ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, chun cultúr comhoibrithe a chur chun cinn go himheánach agus go seachtrach araon, lena n-áirítear rannchuidiú le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026.

Leanfaidh muid orainn lenár ról ceannaireachta sa Straitéis um Chlaochlú na Seirbhíse Poiblí 2030. I gcomhréir le gealltanais inbhuanaitheachta an Rialtais, leanaimid orainn ag cur ár gclár oibre glas agus ár mbeart coigilte fuinnimh chun cinn, chun bealaí oibre níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm, agus a laghdaíonn úsáid fuinnimh agus costais.

Cé go n-aithnítear na dúshláin agus na deiseanna atá romhainn, tugann an straitéis seo treo agus móiminteam dúinn agus sainordú na gCoimisinéirí Ioncaim á chomhlíonadh, chun riarachán cánach agus custaim cothrom agus éifeachtach a sholáthar, ag tacú le hathléimneacht eacnamaíoch agus dul chun cinn sóisialta na hÉireann.

Bord na gCoimisinéirí Ioncaim. (C-D)
Coimisinéir Ruth Kennedy,
Cathaoirleach Niall Cody,
Coimisinéir Maura Kiely



Ár gCroíluachanna

| Meas | Gairmiúlacht | Comhoibriú | Gastacht | Ionracas |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>Glacann muid le hionracas cáiníocóirí agus iad ag plé linn. Nuair a bhíonn cúis lena mhalairt a chreidiúint, gníomhaíonn muid dá réir. Caithimid le daoine le dínit. Tá meas againn ar dhifriochtaí agus spreagaimid éagsúlacht.</p> | <p>Tá muid gairmiúil inár gcuid oibre, agus díríonn muid ar cháilíocht, tráthúlacht agus comhsheasmhacht.</p> | <p>Oibríonn muid i gcomhpháirtíocht le gach geallsealbhóir, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann muid go gníomhach leis na cuspóirí comhroinnte atá á mbaint amach ar fud na Státseirbhíse agus na hEarnála Poiblí. Cuireann muid comhoibriú agus inbhuanaitheacht i gcroílár an chlaochlaithe dhigitigh agus ghnó.</p> | <p>Tá muid solúbtha, sofhreagrach agus seasmhach. Tacaíonn agus spreagann muid an nuálaíocht agus chun feabhas leanúnach a chur ar an mbealach a oibríonn muid.</p> | <p>Tá muid ionraic, cuntasach agus trédhearcach. Nuair a dhéanann muid botún, aithníonn muid é seo agus cuireann muid cú air.</p> |
|  |  |  |  |  |

Cuspóirí Straitéiseacha na gCoimisinéirí Ioncaim

■ **Chun Tacú le Comhlíontacht Shaorálach**

Cuireann muid seirbhísí den scoth ar fáil a chabhraíonn le cáiníocóirí agus trádálaithe a n-oibleagáidí a thuiscint agus a chomhlíonadh le hualach íosta. Trí chórais agus próisis a dhearadh le cáiníocóirí mar an gcoilár, déanann muid ár ndícheall castacht neamhriachtanach a bhaint agus bealaí réidh a chruthú chun comhlíontacht atá iomasach, inrochtana agus éifeachtúil, d'earnálacha eacnamaíocha atá ann cheana agus d'earnálacha eacnamaíocha atá ag teacht chun cinn.

■ **Chun aghaidh a thabhairt ar Neamhchomhlíontacht le freagraí céimnithe cothroma, comhréireach agus éifeachtacha:**

Baineann muid úsáid as sonraí, faisnéis agus measúnú riosca chun neamhchomhlíontacht a aithint agus freagairt le hidirghabhálacha atá comhréireach leis na hiompraíochtaí atá i gceist. Dóibh siúd a dhéanann botúin ionraic, tacaíonn muid leo a gcuid gníomhaíochtaí a cheartú agus comhlíontacht shaorlálach a choinneáil. I gcás imghabháil d'aon ghnó, cuireann muid bearta forfheidhmithe láidre i bhfeidhm.

■ **An tÉiceachóras Cánach agus Custam a Neartú trí mhuinín, cumas agus athléimneacht a thógáil:**

Déanann muid teicneolaíochtaí a ghíaráil le haghaidh deiseanna claochlaithe a fheabhsaíonn éifeachtúlachtaí oibríochtúla. Déanann muid infheistíocht i bhforbairtí agus i gcomhpháirtíochtaí a thacaíonn le riarachán éifeachtach cánach agus custaim. Cuireann muid ar chumas ár ndaoine leis na huirlisí, na scileanna agus an mhuinín a theastaíonn uathu chun go n-éireoidh leo, ag cothú cultúr muiníne agus feabhsúcháin leanúnach, ag cinntiú go bhfuil an cumas agus an gastacht againn chun dul in oiriúint leis na deachracha atá ag teacht chun cinn sna timpeallachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus fragra a thabhairt orthu.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha



Barr Feabhais i Rannpháirtíocht Cáiniocóirí agus Trádálaithe

Leanfaidh muid orainn le cur i bhfeidhm céimnithe chun tuairisciú agus íoc cánacha agus dleachtanna a chomhtháthú go réidh i gcórais nádúrtha agus i dtaifid, faoi réir forbairtí reachtaíochta.

Cuirfimid an clár oibre um nua-aosiú cánach agus dleachta chun cinn, lena n-áirítear CBL an AE san Aois Dhigiteach, Athchóiriú Custaim an AE agus Nua-Aosiú Baincéireachta, chun cumais fhíor-ama a sholáthar thar chánacha agus dleachtanna móra.

Déanfaidh muid úsáid forbairtí eiticiúla IS a uasmhéadú chun oibríochtaí cúil a chuíchóiriú agus chun eispéireas na seirbhíse a fheabhsú, ag soláthar tacaíochta saincheaptha do cháiniocóirí ar mian leo teagmháil a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim go digiteach.

Déanfaidh muid na comhpháirtíochtaí traidisiúnta cánach agus custaim a leathnú níos faide ná idirghabhálaithe cánach, chun gnóthaí, eintitis rialtais, bainc, cuideachtaí bogearraí, srl. a chur san áireamh, agus chun samhail rannpháirtíochta a thógáil ina dtagann gníomhaithe poiblí agus príobháideacha le chéile ar bhealach comhoibríoch.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha



Comhlíontachta agus Forfheidhmithe

Leanfaimid orainn ag tógáil ar mhonatóireacht ar chomhlíontacht fíor-ama agus ar idirghabháil luath chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhlíontachta agus iad a réiteach, ag cinntiú go gcuirfear smachtbhannaí cuí i bhfeidhm ag an gcéim is luaithe agus is féidir.

Déanfaimid ár modheolaíochtaí measúnaithe riosca a bheachtú tuilleadh ag baint úsáid as ard-anailísíocht agus IS chun díriú níos fearr ar ár n-idirghabhálacha comhlíontachta agus chun an toradh is fearr a chinntiú ónár leithdháileadh acmhainní.

Cuirfidh muid le comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar imghabháil agus seachaint cánach agus dleachta, calaois chustaim, agus gáinneáil ar earraí toirmisce.

Oibreoidh muid i gcomhar le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chun cosaint do thomhaltóirí agus do ghnóthaí a neartú, lena n-áirítear rialuithe custaim a chur i bhfeidhm go háirithe le haghaidh ríomhThráchtáil.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha



Daoine, Cultúr agus Cumais

Déanfaidh muid monatóireacht réamhghníomhach ar riachtanais cumais sa todhchaí agus cuirfidh muid deiseanna ar fáil le haghaidh foghlaim leanúnach agus forbairt gairme.

Déanfaidh muid ár gcleachtais oibre a fhorbairt chun feabhas a chur ar sheachadadh ár misean, ar aon dul lenár gcroíluachanna, agus deiseanna gairme fiúntacha a thairiscint do bhaill foirne nua agus do bhaill foirne atá ann cheana.

Cuirfidh muid le cumais ceannaireachta agus bainistíochta ag gach leibhéal chun muid a chur in áit chun castachtaí inmheánacha agus seachtracha a nascleanúint go réidh agus athrú dearfach a chur chun cinn agus a chothú.

Cothófaimid timpeallacht ina n-éiríonn le peirspictíochtaí éagsúla, agus go mbraitheann gach ball foirne go bhfuil meas agus cumhacht acu rannchuidiú.

Leathnóimid ár sealúchais sonraí, a bhfuil reachtaíocht mar bhonn taca acu, chun tacú le cánachas nádúrtha, chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun leanúint ar aghaidh ag neartú ár rialachas sonraí agus rúndacht cáiníocóirí a chosaint.

Ár dTosaíochtaí Straitéiseacha



Tacaíocht Beartais agus Ceannaireacht Idirnáisiúnta

Leanfaidh muid de bheith ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Airgeadais le hanailís agus ionchur riaracháin a chur ar fáil chun tacú le forbairt beartais a chothramaíonn simplíocht, ceart agus cóir, agus a chosnaíonn bailiú cánacha don Státchiste.

Beidh ról ceannasach againn maidir le tacú leis an Aire Airgeadais agus leis an Roinn Airgeadais le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026 ar chúrsaí cánach agus custaim.

Cuideoidh muid go gníomhach le caighdeáin idirnáisiúnta chánach agus chustaim a mhúnlú agus a chur chun feidhme trí rannpháirtíocht an ECFE, an AE, na Náisiún Aontaithe agus an EDC.

Cuirfidh muid le comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí rialtais eile chun seachadadh seirbhíse agus torthaí comhlíontachta a fheabhsú.

Rialachas agus Cuntasacht

Cuirfear an Creat Straitéiseach seo i bhfeidhm trí:

- **Tosaíochtaí Corparáideacha na gCoimisinéirí Ioncaim:** Tosaíochtaí bliantúla sonracha, intomhaiste atá ailínithe lenár gcuaspóirí straitéiseacha thar shaolré an Ráitis Straitéise seo.
- **Athbhreithnithe Straitéiseacha Ráithiúla:** Measúnú rialta ar dhul chun cinn i gcomparáid le tosaíochtaí corparáideacha bliantúla.
- **Foilsíú Torthaí:** Tuairisciú trédhearcach ar éachtaí agus dúshláin inár **dTuarascáil Bhliantúil** chomh maith le foilsíú staitisticí agus taighde ar ghnéithe éagsúla de ghnó na gCoimisinéirí Ioncaim ar Revenue.ie.

Déanfar ár bhfeidhmíocht a thomhas trí:

- **Méadrachtaí Seirbhíse:** Tráthúlacht, cruinneas agus sástacht úsáideoirí le seirbhísí na gCoimisinéirí Ioncaim.
- **Táscairí Comhlíontachta:** Rátaí comhlíontachta saorálaí agus toradh ó idirghabhálacha.
- **Méadrachtaí Éifeachtúlachta:** Amanna próiseála, costas bailithe, costais riaracháin.
- **Rannpháirtíocht Foirne:** Sástacht fostaithe, folláine, forbairt cumais.
- **Muinín an Phobail:** Rannpháirtíocht i gCoistí Oireachtais agus i bhfórais oifigiúla eile, aiseolas ó pháirtithe leasmhara agus suirbhéanna ar chustaiméirí.

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs